

## An Teastas Sóisearach

### Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála imeasc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
  
2. Is é aidhm an Teastais Shóisearaigh.
  - an t-eolas, an tuiscint; na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
  - raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
  - iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
  - an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
  - forás mórálta agus spioradálta an dalta a choghú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
  - na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal le hEorpa.
  
3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.
  - é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta.

Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.

- ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
- fiúntas: ba cheart go n-éilofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

## 1. RÉAMHRÁ

Is éard atá anseo ná siollabas tagartha do chúrsaí Gaeilge sa tsraith shóisearach san iarbhunscoil. Ba é an coiste cúrsa Gaeilge de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta d’eagraigh an doiciméad seo. Chonacthas don choiste agus don Chomhairle go raibh gá le siollabas a shainiú a thabharfadh aird faoi leith ar na ceisteanna seo:-

- (a) Staid mhúineadh na Gaeilge ins na hiar-bhunscoileanna a fheabhsú
- (b) Spriocanna a shainiú agus a chur in oiriúint do dhaltáí ag leibhéil éagsula cumais agus inniúlachta
- (c) Treoirí measúnaithe a cheapadh a thabharfadh saoirse do mhúinteoirí modhanna múinte éagsula a úsáid agus a dhíreodh aird na ndaltaí ar an nGaeilge atá sa timpeallacht orthu

Is chun freastal ar na riachtanais seo a ceapadh an siollabas thíos.

Tá an siollabas bunaithe ar an tuiscint gurb é príomhaidhm na gcúrsaí ná chun a chur ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a úsáid.

Leagtar síos anseo na réimsí úsáide teanga ba chóir a bheith ar a gcumas ag daltaí tar éis dóibh a gcúrsa Gaeilge sa tsraith shóisearach a chríochnú agus leagtar síos an t-íosmhéid den teanga atá riachtanach dóibh chun go mbeidh said ábalta feidhmiú ins na réimsí sin.

Chomh maith leis an gcúrsa teanga féin aithnítear gnéithe eile den chultúr ar chóir go mbeadh na daltaí dul i dtiaithí orthu le linn an chúrsa. Ina measc seo tá ceol agus amhránaíocht, seanchas, logainmneacha agus dinnseanchas, agus an saol sóisialta. Is é timpeallacht an dalta an pointe tosaithe don chuid seo den chúrsa agus beidh ar gach dalta staidéar a dhéanamh trí Ghaeilge ar ghné éigin de chultúr a cheantair de réir a inniúlachta féin.

Tosaíonn an siollabas le haidhmeanna ginearálta a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Gaeilge ag an leibhéal seo. Baineann cuid mhór de na haidhmeanna seo le caomhnú an chultúir agus le forbairt phearsanta an duine. Is í an ghné is tábhachtaí de seo ná go mbeadh an teanga féin ag na daltaí agus ar ndóigh gabhann na prionsabail fhoghlama céanna leis an nGaeilge is a gabhann le foghlaim/sealbhú aon teanga eile.

Aithnítear anseo na réimsí den teanga ar chóir iad a bheith ar a gcumas ag daltaí ag na leibhéil éagsúla ar chríochnú an chúrsa dóibh. Tugtar feidhmeanna úsáide teanga ar na réimsí seo agus is de réir na bhfeidhmeanna úsáide seo atá an siollabas grádaithe agus ní de réir na struchtúr gramadaí. Tá abairt mar “Go raibh maith agat”, mar shampla, casta ó thaobh catagóirí gramadaí de ach tá a feidhm úsáide an-simplí.

Déantar idirdhealú anseo idir gabhchumas (cumas an duine an teanga a thuiscint) agus ginchumas (cumas labhartha agus scríbhneoireachta an duine). Aithnítear go mbeidh réimse níos leithne den teanga ar a ngabhchumas ag daltaí ná mar a bheidh ar a nginchumas agus tá impleachtaí aige seo do ghrádú na teanga sa siollabas.

## 1.1 An grádú

Toisc gur ar úsáid na teanga atá an bhéim sa siollabas seo ní féidir an grádú a dhéanamh de réir na múnlaí teanga amháin – caithfear comhthéacs na teanga a chur san áireamh. D’fhéadfadh duine focal nó múnla a thuiscint fiú mura mbeadh sé feicthe/cloiste aige riamh roimhe sin dá mbeadh an comhthéacs soiléir. Mar an gcéanna d’fhéadfadh duine páirt a ghlacadh i gcomhrá dá mbeadh ról tánaisteach aige agus duine eile chun an comhrá a choinneáil sa tsiúl. Mar sin, is ar an gcomhthéacs, ar na gníomhaíochtaí agus ar na rólanna atá an grádú déanta go príomha sa siollabas seo.

## 1.2 Nóta faoin téarmaíocht

Tá téarmaí idirnáisiúnta teangeolaíochta á n-úsáid do na ranna éagsúla den siollabas. Measadh gur bhfearr cloí leo seo toisc go bhfuil sé de bhuntáiste acu go bhfuil brí bheacht leo a chabhraíonn go mór le heagar a choimeád ar an siollabas. Seo thíos nótaí gearra ar roinnt de na téarmaí sin.

Gníomhaíocht: Na hocáidí teanga a bheidh ag na daltaí – rud a dhíol nó a cheannach, ag scaradh le cara, 7rl.

Ról: An áit a bheidh ag an dalta sa ghníomhaíocht – é ina chuirteoir, ina chustaiméir, 7rl.

Feidhm: An fheidhm a bhainfidh an dalta as an teanga – cead a lorg, rud a aithint, rogha a chur in iúl, 7rl.. Feidhm shingil atá i gceist anseo agus de ghnáth, bíonn meascán d’fheidhmeanna in aon chomhrá nó in aon phíosa teanga.

Nóisean:	An bhrí a luaitear leis an bhfeidhm. Má tá sé i gceist ‘dearcadh a chur in iúl’, mar sampla, d’fhéadfadh go mbeadh an nóisean ‘féidearthacht’ i gceist (níl sé indéanta) nó ‘luach’ nó ‘tréithe’ agus mar sin de.
Toipic:	Is iad na toipicí na hábhair ghinearálta atá idir chamáin – an teaghlach, ceol, nósanna agus piseoga, 7rl. Usáidtear go leor feidhmeanna agus nóisin éagsúla chun gach aon toipic a chíoradh.

### 1.3 An siollabas

Is éard atá i gceist le siollabas tagartha ná an fhoinsé as a gcruthaítear scéimeanna oibre, téacsleabhair, leabhair shaothair, modhanna múinte 7rl. Mar sin caithfear idirdhealú a dhéanamh idir siollabas agus téacsleabhar. Tá baint indireach idir an tslí ina ndéantar an siollabas a shainiú, agus modhanna múinte sa seomra ranga agus modhanna measúnaithe.

Sa deireadh thiar tá múineadh na Gaeilge ins na scoileanna ag brath ar scileanna agus ar dhúthracht na múinteoirí agus ní bheidh toradh fóna ar aon iarracht a dhéanfar chun cláir teanga a leasú agus a chur i bhfeidhm gan a ndea-thoil agus a gcomhoibriú siúd maraon lena gcumas féin sa teanga agus a máistreacht ar réimse scileanna múinteoireachta. Níl i siollabas ná i dtéacsleabhair ach áiseanna chun cabhrú leis an múinteoir.

Os rud é go bhfuil an oiread sin aicmí éagsúla foghlaimoírí an caithfear saoirse a thabhairt do mhúinteoirí chun freastal ar riachtanais a ndaltaí féin taobh istigh de threoirlínte áirithe. Sa siollabas seo moltar trí chúrsa: bonnchúrsa, gnáthchúrsa agus ardchúrsa.

#### 1.3.1 Bonnchúrsa

Leagtar béim anseo ar chumarsáid bhunúsach trí Ghaeilge. Tá sé dírithe ar na daltaí nach ndearna dul chun cinn suntasach i sealbhú na Gaeilge agus iad sa bhunscoil. Bheifí ag súil, áfach, go mbeadh caighdeán áirithe Gaeilge ag gach aon pháiste agus iad ag teacht isteach don iar-bhunscoil. Feictear gurb é an riachtanas is mó atá acu seo ná dul i dtaithe ar úsáid na Gaeilge atá ina dtimpeallacht. Chuige sin is é príomhchuspóir an chúrsa ná straitéisí cumarsáide oiriúnacha sa Ghaeilge a mhúineadh dóibh. ‘Sé sin chun a chur ar a gcumas idirghníomhaíocht a láimhsiú agus pé méid den teanga atá acu a úsáid. Tá eilimintí den teanga labhartha agus an teanga scríofa fite fuaite tríd an gcuid seo den siollabas. Leagtar béim anseo ar ghabhchumas mar tá sé seo ag leibhéal níos

bunúsaí I sealbhú na teanga ná mar atá an cumas táirgthe. Bíonn an cumas tuisceana chun tosaigh ar an gcumas labhartha agus an cumas scríbhneoireachta.

### 1.3.2 Gnáthchúrsa

Tá sé seo dírithe ar an meánghrúpa

- daltaí a bhfuil caighdeán creidiúnach sa Ghaeilge bainte amach acu agus iad ag tosú san iarbhunscoil nó iad siúd a thosaíonn ar bheagán Gaeilge ach a léiríonn cumas foghlama thar an ngnáth i rith an chúrsa
- iad siúd ón nGaeltacht nach n-oirfeadh an t-ardchúrsa dóibh ach a bhfuil scileanna áirithe teanga go maith acu

### 1.3.3 Ardchúrsa

Tá sé seo dírithe ar na grúpaí seo a leanas:

- formhór de dhaltaí na Gaeltachta
- formhór de dhaltaí ó Ghaelscoileanna lasmuigh den Gaeltacht
- daltaí ó ghnáthscoileanna a thug an teanga leo go maith

1.3.4 Tá béim anseo ar chumas táirgthe an dalta ach ar ndóigh ní dhéantar failli ar an tuiscint ach an oiread. Ba cheart, mar shampla, go ndéanfaí staidéar ar shleachta oiriúnacha a roghnófaí ó nuachtáin nó irisí ó am go chéile maraon le píosaí a roghnófaí ó chláir oiriúnacha raidio nó teilifíse a bhainfeadh le gnáthchúrsaí an lae. Beidh deis acu méid áirithe litríochta idir phrós agus fhilíocht a bhlaiseadh chomh maith.

Maidir leis an mbonnchúrsa agus leis an ngnáthchúrsa, tá tús áite tugtha sa siollabas seo do na tascanna agus do na gníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh sa seomra ranga. Is trí na gníomhaíochtaí ranga a thiocfaidh na daltaí ar na struchtúir agus ar na nathanna cainte atá riachtanach dóibh féin. Ar an gcuma seo beidh orthu a stráitéisí cumarsáide féin a fhorbairt agus cur lena gcumas teanga ar a luas féin.

## 1.4 **Aidhmeanna**

Is iad seo thíos na haidhmeanna ginearálta a bhaineann le múineadh na Gaeilge do dhaltaí ag an leibhéal sóisearach san iar-bhunscoil. Tá siad seo mar bhonnchloch don chuid eile den siollabas mar is uathu siúd eascraíonn an t-ábhar atá ar fáil ins na catagóirí eile a luaitear thíos. Feictear an Ghaeilge.

- mar theanga phobail sna limistéir Ghaeltachta agus mar theanga mhuinteartha ag móráin daoine.
- mar theanga shinseartha a léiríonn formhór mhuintir na hÉireann dílseacht di

- mar theanga náisiúnta

Aidhmeanna i leith múineadh na Gaeilge sa tsraith shóisearach.

#### 1.4.1 Aidhmeanna ginearálta

- (a) Deis ar chumas cuí sa Ghaeilge a dheimhniú do gach dalta de réir a acmhainne den chineál a chuirfidh ar a chumas páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol dátheangach atá mar aidhm náisiúnta ag an rialtas anois.
- (b) Féinmheas agus féinmhuinín na mac léinn a chothú trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus ar a n-oidhreacht mar Éireannaigh
- (c) Féinmhuinín chultúrtha neamhspléach a chothú den chinéal a spreagann cruthaitheacht, fiontraíocht, núálacht a rachaidh chun tairbhe an dalta agus a phobail ar ball.
- (d) Tuiscint a chothú ar an teanga agus ar chultúr na Gaeilge mar dhlúthchuid leanúnach de stair phobal na tíre chomh maith le dearcadh dearfach ina leith.
- (e) Chun ár bhféiniúlacht a chosaint agus a chaomhnú i gcomhthéacs an dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí cumarsáide agus gluaiseachtaí idirnáisiúnta. Is gá polasaí an dátheangachais a chur i gcríoch chun gur féidir linn an dá thrá a fhreastal – cumarsáid leis an saol lasmuigh agus fós ár ndúchas náisiúnta a neartú.
- (f) Ár n-oidhreacht teanga a chaomhnú agus a thabhairt slán do na glúnta atá le teacht

#### 1.4.2 An Ghaeilge agus forbairt an duine

- (a) Chun cabhrú leis an dalta leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le bheith dátheangach ó thaobh na cognaíochta de
- (b) Chun cabhrú le daltaí tuiscint a fháil ar nádúr teangacha agus ar nádúr próiseas foghlama teanga
- (c) Forbairt phearsanta agus forbairt shóisialta na ndaltaí a chur chun cinn mar ghné dá n-iomlánú

- (d) Tuiscint a chothú ar ghnásanna na Gaeilge mar theanga agus ar nádúr na cumarsáide i gcoitinne
- (e) Chun cabhrú le daltaí teacht ar shaíocht na Gaeilge chomh maith le hamhráin dhúchasacha na tíre
- (f) Samhlaíocht agus cumas cruthaitheachta an dalta a fhorbairt trí réimse oiriúnach d'ábhair éagsúla léinn a chur ina láthair
- (g) Chun cur an chumas an dalta leanúint ar aghaidh go cúrsa sinsearach Gaeilge



## 2. CUSPÓIRÍ MÚINTEOIREACHTA

Seo thíos liosta de na torthaí, a mbeifí ag súil leo ar chríochnú an chúrsa don dalta. Níor ghá in aon chor gur san ord seo a bhainfí na torthaí amach agus níl sé i gceist ach an oiread go múinfí na scileanna éagsúla neamhspleách ar a chéile. Tá béim anseo ar thuiscint, labhairt agus úsáid na Gaeilge atá sa timpeallacht ar fud an Stáit. Glactar le nuachtáin agus le cláir raidio agus teilifíse mar áiseanna a bhfuil fáil orthu gan dua in aon cheantar sa Stát. Bíonn breis áiseanna, mar shampla, comharthaí, bolscaireacht, fógraíocht srl. ar fáil go minic freisin ach iad a lorg. Táthar ag súil go n-úsáidfídh múinteoirí na hábhair aiceanta atá ar fáil ó na réimsí éagsúla mar áiseanna múinteoireachta chomh fada agus is féidir é.

### 2.1 **Bonnchúrsa**

#### 2.1.1 Tuiscint: teanga labhartha

- (a) Go mbeidh daltaí cleachtaithe ar an meitheanga a ghabhann le hobair ranga agus leis an scrúdú sa chaoi is nach mbeidh gá le dul i dtuilleamaí an Bhéarla sa seomra ranga ná le linn scrúduithe
- (b) Go mbainfidh na daltaí tuiscint bhunúsach as cláir theilifíse agus raidio, i.e. go dtuigfidh said an téama agus mórphointí na scéalta:
  - príomhscéalta na nuachta
  - réamháisnéis na haimsire
  - cláir spóirt – cinlínte
  - fógraí de gach saghas a bhfuil teachtaireacht shoiléir dhíreach iontu
- (c) Tuiscint bhunúsach a bhaint as píosa de chomhrá simplí.

#### 2.1.2 Tuiscint: téacsanna scríofa

- (a) Go dtuigfidh na daltaí téacsanna den chineál seo thíos:
  - fógraí ginearálta (scríofa)
  - comharthaí agus bolscaireacht
  - foirmeacha iarratais
  - biachláir
  - fógraí scoile srl.

- (b) Go mbainfidh na daltaí tuiscint as cur síos (scríofa) a bhaineann le gnáthchúrsaí an lae nó le hábhair atá dírithe ar dhéagóirí agus é seo scríofa le stíl dhíreach shimplí:
- Go dtuigfidh siad téama an phíosá
  - Go dtuigfidh siad creatlach an scéil nó na pointí is tábhachtaí atá ann

### 2.1.3 Labhairt

Comhrá idirghníomhach

- bheith in ann labhairt faoi na toipicí (Roinn 5) agus tacaíocht láidir á fháil acu ó chomhchainteoir
- bheith in ann rólanna tánaisteacha éagsúla a ghlacadh i gcomhráite
- bheith in ann ceisteanna a chur

### 2.1.4 Scríbhneoireacht

Go mbeidh sé ar chumas na ndaltaí na cineálacha téacsanna seo thíos a scríobh

Téacsanna gearra m.sh.

- cuireadh a thabhairt
- glacadh le cuireadh
- leithscéal a ghabháil
- fógra a scríobh
- freagra a thabhairt ar iarratas
- teachtaireacht a fhágáil (nóta gearr)

## 2.2 **Gnáthchúrsa**

Glactar leis go mbeidh gach a bhfuil ar an mbonnchúrsa ar a gcumas acu siúd a thógfaidh an gnáthchúrsa. Seo thíos an méid sa bhreis ar sin atá ar an ngnáthchúrsa.

### 2.2.1 Tuiscint

- (a) Téacsanna scríofa: Maidir le hiriseoireacht táthar ag súil go rachaidh daltaí i dtaithí ar phíosá a bhfuil stíl scríbhneoireachta iontu atá díreach agus simplí. Beifear ag súil freisin go mbainfidh siad tuiscint ghinearálta as na píosaí sin.
- (b) Teanga labhartha: Cur síos gonta soiléir ar eachtra nó ar staid a thuiscint.

## 2.2.2 Labhairt

### Comhrá

- Bheith in ann labhairt faoi na toipicí thíos agus funcsin/nóisin nua a tharraingt isteach sa chomhrá as a stuaim féin.
- Bheith in ann rólanna éagsúla a ghlacadh agus a bheith ar comhchéim leis an gcomhchainteoir (i.e. nach mbeadh stiúradh an chomhrá go hiomlán faoi dhuine eile)

## 2.2.3 Scribhneoireacht

- Bheith in ann achoimre a dhéanamh le ghiota scríofa
- Bheith in ann litir ghearr a scríobh

## 2.3 **Ardchúrsa**

Tá sé i gceist go mbeidh gach a bhfuil ar an mbonnchúrsa agus ar an ngnáthchúrsa ag lucht an ardchúrsa. Seo thíos an méid sa bhreis ar sin atá ar an gcúrsa seo.

### 2.3.1 Tuiscint

#### (a) Téacsanna scríofa

- Go dtuigfidh said píosaí iriseoireachta a bhfuil téamaí coitianta acu ina n-íomlán. Cé gur píosaí le stíl ghonta atá i gceist beidh réimse maith foclóra iontu.
- Go mbeidh siad in ann teacht ar na conclúid agus ar na himpleachtaí atá le tuiscint go hindíreach ón bpíosa
- Litríocht nua-aimseartha a bhlaiseadh idir phrós agus fhilíocht (Beidh saoirse ag múinteoirí a dtéacsanna féin a roghnú.)

#### (b) Teanga labhartha

- Go mbeidh said in ann comhrá nó cur síos, a bhaineann le gnáthchúrsaí an lae, a thuiscint agus na cainteoirí ag labhairt ag gnáthluas cainte.

### 2.3.2 Labhairt

- Bheith is ann labhairt go nádúrtha faoi na toipicí thíos
- Bheith in ann comhrá a stiúradh

### 2.3.3 Scribhneoireacht

Go mbeidh siad ábalta cumadóireacht níos leithne a dhéanamh

- scéal a chumadh
- cur síos a dhéanamh
- eachtra a ríomh (eachtra atá réadúil / greannmhar / bunaithe ar a samhlaíocht nó eile)
- críoch oiriúnach a chur le scéal
- tuairimí a nochtadh i dtaobh ruda éigin
- comhrá struchtúrtha a scríobh
- litir fhoirmealta / litir phearsanta a scríobh

Ní mór cúram ar leith a dhéanamh de chruinneas scríbhneoireachta.

### 3. GNÍOMHAÍOCHT

Seo thíos liosta de na gníomhaíochtaí ar chóir a bheith ar chumas na ndaltaí iad a dhéanamh trí Ghaeilge faoi dheireadh na sraithe sóisearaí. Is ar an nGaeilge labhartha atá an bhéim anseo agus cé go liostáiltear na gníomhaíochtaí neamhspleách ar a chéile beifear ag súil go múinfear iad de réir mar a thagann siad isteach go nádúrtha ins na suíomhanna múinteoireachta a chruthófar sa seomra ranga. Is é príomhghnó an mhúinteora ná inchur oiriúnach den teanga a chur ar fáil dóibh trí théacsleabhair, áiseanna chlosamhairc, ábhair aiceanta 7 rí agus na daltaí a chur ag gníomhú trí mheán na Gaeilge a luaithe agus is féidir é. Is trí theagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an nGaeilge a éireoidh leis na daltaí na múnlaí agus an foclóir a shealbhú. Ní cóir faillí a dhéanamh, áfach, ar phointí gramadaí agus b'fhéidir go gcaithfí iad seo a mhúineadh go foirmealta ó am go chéile de réir a dtábhacht do na gníomhaíochtaí atá ar bun sa rang. Fágann sé sin, go mbeidh gá le hobair bheirte, obair ghrúpa agus obair aonair chomh maith le hobair ranga.

Tá liosta teoranta gníomhaíochtaí anseo thíos do pháistí a bheadh ag tabhairt faoin mbonnleibhéal agus tá leathnú déanta air sin don ghnáthleibhéal. Maidir leis an ardleibhéal, tá sé i gceist go mbeadh na gníomhaíochtaí seo ar fad ar a gcumas ag daltaí agus go mbeidis in ann

- an príomhról a ghlacadh sa chomhrá
- a bheith ábalta an comhrá a stiúradh go nádúrtha
- é seo a dhéanamh le cruinneas foghraíochta agus comhréire

	GNÍOMHAÍOCHT	RÓL	SUÍOMH	LEIBHÉAL
1	Daoine ag bualadh lena chéile/ag scaradh	cara i measc strainséirí comharsa nua scoil nua	ocáid shóisialta comharsanacht	1* 2**
2	Cur síos a dhéanamh / tuilleadh eolais a lorg	ceisteoir freagróir	oscailte	1 2
3	Ag fiosrú/ag ríomh eachtra	múinteoir páiste garda / dlíodóir tuismitheoir iriseoir cara	oscailte	1 2
4	Rudaí dhíol is a cheannach	díoltóir ceannaitheoir	síopaí de gach saghas nó margadh	1 2
5	Ag lorg/ag tabhairt eolas na slí	strainséir duine de mhuintir na háite	oscailte	1 2
6	Ag cócaireacht	duine atá i gceannas duine atá ag cabhrú	sa bhaile/ar scoil ag láthair campála ag ullmhú béile	1 2
7	Ag glanadh/ag maisiú an tí	tuismitheoir, déagóir ag ullmhú do chóisir	an teach	1 2
8	Ag tabhairt cuairte	cuairteoir; fáilteoir; othar; príosúnach; páiste; dochtúir; fiaclóir	ospidéal príosún scoil chónaí otharlann	1 2
9	Ag filleadh abhaile	tuismitheoir mac/iníon deartháir/deirfiúr imirceach	an teach	1 2
10	Ag obair sa ghairdín	oibrí	gáirdín beag sa chathair gort faoin tuath	1 2
	* <b>Bonnleibhéal</b>			
	** <b>Gnáthleibhéal</b>			

	<u>GNÍOMHAÍOCHT</u>	<u>RÓL</u>	<u>SUÍOMH</u>	<u>LEIBHÉAL</u>
11	Ag siopadóireacht	cairde gaolta	ollmhargadh nó siopa eile	1 2
12	Ag lorg ruda atá caillte	déagóir agus é ag lorg rudaí: m.sh. airgead; madra; páiste beag; leabhar; fearas cluichí; cara/tuismitheoir; bróga	sa bhaile ar an tsráid ar scoil i measc slua	1 2
13	Ag lorg airgid/déirce	déagóir/tuismitheoir custaiméir/oifigeach bainc díoltóir / ceannaitheoir	teach banc	1 2
14	Ag gabháil leithscéil	múinteoir/páiste tuismitheoir/páiste	scoil teach	1 2
15	Ag tabhairt aire do pháistí	déagóir	sa teach ar thuras	1 2
16	Rud a chur in áirithe (suíochán, ticéad, faiche imeartha 7rl.	custaiméir	ar an bhfón san amharclann 7rl.	2
17	Coinne a dhéanamh	cara/othar cliant / custaiméir fad-téarmach gearr-théarmach	ar an bhfón in otharlann ócáid shóisialta	2
18	Ag plé ceoil/cluichí	cairde	oscailte, garáiste	2
19	Gearán a dhéanamh	custaiméir tuismitheoir múinteoir déagóir	siopa oifig stáit scoil	2 2
20	Ag socrú do laethanta saoirse	tuismitheoir/déagóir cairde	oscailte	
21	Ag déanamh réidh do chluiche	imreoir bainisteoir	páirc imeartha	2

	<u>GNÍOMHAÍOCHT</u>	<u>RÓL</u>	<u>SUÍOMH</u>	<u>LEIBHÉAL</u>
22	Ag lorg lóistín	cuariteoir	óstán	1 2
23	Ag tógáil campa	cairde	láthair champála	2
24	Ag déanamh comhghairdis / comhbhróin le duine	cara	oscailte	2 2
25	Ag gearán/míshástacht a chur in iúl	custaiméir; siopadóir; ag gearán faoi sheirbhís; múinteoir; páiste; tuismitheoir; comharsa	siopa oifig scoil comharsanacht	2
26	Cuireadh a thabhairt, glacadh/diúltú, maidir leisi an gcuireadh	cara	oscailte	2
27	Ag moladh do dhuine rud a dhéanamh	cara múinteoir tuismitheoir bainisteoir foirne saineolaí	oscailte	2
28	Ag iarraidh ar dhuine gar a dhéanamh	cara	oscailte	2
29	Coinne a chur ar ceal	othar, cliant	ar an bhfón	2
30	Eolas a lorg/thabhairt faoi am-chlár	oibrí le comhlacht taistil taistealaí dalta scoile	aerphort oifig thaistil scoil	1 2



#### 4. FEIDHMEANNA

Seo thíos na feidhmeanna úsáide teanga a mbeadh gá leo chun na cuspóirí múinteoireachta a chomhlíonadh agus chun a bheith páirteach ins na gníomhaíochtaí. Tá samplaí de na múnlaí cainte a d'fhéadfaí a úsáid chun na feidhmeanna a chomhlíonadh tugtha freisin. Ní liostaí iomlána samplaí atá anseo agus níl aon bhac ar mhúinteoirí ná ar lucht scríofa téacsleabhar cinn eile nach iad a úsáid.

D'fhonn treoir a thabhairt do mhúinteoirí agus do lucht scríofa téacsleabhar roinneadh na múnlaí seo ina dtrí chuid – A, B agus C. Ba chóir go mbeadh múnlaí 'A' ar a ngabhchumas agus ar a nginchumas ag gach aon dalta. Ba chóir go dtuigfeadh lucht an bhonnleibhéil a leithéid múnlaí 'B' agus iad in úsáid i gcomhthéacs soiléir. Ba chóir go mbeadh na múnlaí seo ar a nginchumas ag lucht an ghnáthleibhéil agus iad ag fáil roinnt spreagtha. Maidir le múnlaí 'C' ba chóir go dtuigfeadh lucht an ghnáthleibhéil iad i gcomhthéacs soiléir agus go mbeidís ar a gcumas go hiomlán ag lucht an ardleibhéil.

Bonnleibhéal			Gnáthleibhéal		Ardleibhéal	
Munlaí	Ginchumas	Gabhchumas	Ginch.	Gabhchumas	Ginch.	Gabh.
A	✓	✓	✓	✓	✓	✓
B		i gcomhthéacs soiléir	le roinnt spreagtha	✓	✓	✓
C				i gcomhthéacs soiléir	✓	✓

1. Daoine a chur in aithne
2. Bualadh le daoine
3. Scaradh
4. Coinne a dhéanamh

5. Duine/rud a aithint
6. Ag iarraidh go n-aithneofaí duine nó rud
7. Cur síos a dhéanamh
8. A fháil amach an cuimhin leat rud/duine éigin
9. A rá go bhfuil/nach bhfuil rud éigin ar eolas agat
10. A rá go gcaithfidh/nach gcaithfidh tú rud a dhéanamh
11. Dearcadh duine a lorg
12. Dearcadh a chur in iúl
13. A rá go n-aontaíonn /nach n-aontaíonn tú le rud
14. Tuairim a thabhairt/a lorg
15. Rogha a chur in iúl/iarraidh ar dhuine rogha a dhéanamh
16. A rá go bhfuil/nach bhfuil rud ag teastáil
17. Comhairle a lorg/a thabhairt
18. A chur in iúl go bhfuil/nach bhfuil tú sásta le rud éigin
19. Buairt a chur in iúl
20. Mothúcháin eile a chur in iúl
21. Rud a iarraidh/a thairiscint/a dhiúltú
22. Fáil amach/a rá go bhfuil tú in ann/nach bhfuil tú in ann rud a dhéanamh
23. Cead a lorg
24. Leithscéal a ghabháil/a ghlacadh
25. Cabhair a lorg/a thabhairt
26. Orduithe a thabhairt
27. A rá go bhfuil súil agat ...
28. Iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú
29. Míniú a lorg/a thabhairt

4.1 Daoine a chur in aithne dá chéile

Seo Nóra

Seo i mo dheirfiúr, Máire

An bhfuil aithne agat ar Phádraig?

Ar bhfuil tú le Micheál cheana?

A

B

4.2 Bualadh le duine

Dia duit	]	A
Dia is Muire duit		
Go mbeannaí Dia duit	]	B
Bail ó Dhia ort		
Dé do bheatha		

Maidin		]	A
Tráthnóna	m(h)aith (agat)		
Oíche			
Lá			
[ Conas atá tú?			A
[ Cén chaoi a bhfuil tú?			A
[ Goidé mar atá tú			
[ Go breá			A
[ Go maith, agus tú féin?			
[ Ar fheabhas			B
[ Ní gearánta dom			

4.3 Ag scaradh

Slán agat (go fóill)	]	A
Slán leat		
Go n-éirí an bóthar leat		
Feicfidh mé arís tú		
Go dté tú slán		B

#### 4.4 Coinne a dhéanamh

Samplaí	Buailfidh mé leat tar éis lóin	}	B
	Feicfidh mé tú ag a hocht		
	Cathain a bheidh tú saor		
	An mbuailfidh tú liom san óstán		
	Ba mhaith liom coinne a dhéanamh	}	C
	leis an dochtúir		
	An bhféadfá bualadh liom ag an deireadh seachtaine		

#### 4.5 Duine nó rud a aithint

Samplaí	Seo/sin/siúd mála	}	A
	Seo é mo chara		
	Nóra an t-ainm atá uirthi		
	Liam is ainm dó		
	Déirdre atá uirthi		
	Cara liom is ea é		
	Peann atá ann		
	Tá aithne agam orthu	}	B
	Is í seo mo dheirfiúr		
	Tugtar cruinneagán ar sin		
	Ní doras atá ann ach geata		

#### 4.6 Ag iarraidh go n-aithneofaí duine nó rud

Samplaí	Cad is ainm dó?	}	A
	Cén t-ainm atá uirthi?		
	Cad atá ann?		
	Cé hé sin?		
	Céard atá ann?		
	Céard é sin?		

An asal atá ann (nó miúil)?	}	B
An é sin do chóta nua?		
Ull atá ann, an ea?		
Feirmeoirí atá iontu, nach ea?		
Céard a thugtar orthu?		
Nach é sin an gadaí?	}	C
Tiarnaí talún a bhí iontu, nárbh ea?		

#### 4.7 Cur síos a dhéanamh

Samplaí (a)	Briathar + ainmní + cuspóir	
	Dhún Seán an doras	A
(b)	Ainmbriathra	A
	Tá Nóra ag ithe a dinnéir	
(c)	Dobhriathra	
	Tá na daltaí ag obair go dian	A
(d)	Copail	
	Is peileadoir maith é	A
(e)	Réamhfhocail	
	Tá sí ina múinteoir anois	A
(f)	Fochásal réamhfhoclach	
	Seo í an cailín a tháinig i dteannta lena huncail	A
(g)	Aidiacht (bhriathra)	
	Tá an fhuinneog briste	A

4.8 A fháil amach an cuimhin leat rud/duine éigin agus a rá gur cuimhin/nach cuimhin.

Samplaí	An cuimhin leat an oíche sin?	]	A
	Bhí sé dearmadta agam		
	An bhfuil sé dearmadta agat?	]	B
	Ní thiocfaidh sé chugam anois		
	Is cuimhin liom go maith é	]	C
	Chuimhnigh mé air tamaillín ó shin		
	An é go ndearna tú dearmad?		

4.9 A rá go bhfuil/nach bhfuil rud éigin ar eolas agat.

Samplaí	Tá a fhios agam	]	A
	Tá an scéal ar fad agam		
	Tá na figiúirí ar eolas agam	]	B
	Tá a fhios sin agam		
	Tá roinnt eolais agam   mar gheall air     ina thaobh	]	C
	Tá fios a gnó aici		

4.10 A rá go gcaithfidh/nach gcaithfidh tú rud a dhéanamh

Samplaí	Caithfidh tú é a chríochnú anois	]	B
	Is/ní gá duit é a dhéanamh		
	Ní mór duit é a dhéanamh		
	An gcaithfidh mé é a dhéanamh?		
	Nach gá dom é a chríochnú?	]	C
	Tá sé de dhualgas ort (gan) é a dhéanamh		
	Is den riachtanas é go/nach ndéanfá é		
	Níl an dara rogha agat ach é a dhéanamh		
	An bhfuil sé sin mar dhualgas orm?		
	Tá sé tábhachtach go ndéanfaí láithreach é		

4.11 Dearcadh duine a lorg

Samplaí	Céard (Cad) a cheapann tú?	A
	Cad é do mheas (do thuairim, do bharúil)?	B
	An maith leat é?	A
	An dtaitníonn sé leat?	
	An aontaíonn tú liom?	B
	An gcuireann tú speis i gcúrsaí polaitíochta?	C
	An é do thuairim go bhfuil sé dainséarach?	
	An é nach dtaitníonn sé leat?	

4.12 Dearcadh a chur in iúl

Samplaí	Ní/is maith liom glasraí	A
	Is breá liom an samhradh	
	Is fuath/gráin liom feoil	
	Taitníonn/ní thaitníonn snagcheol liom	
	Is aoibhinn liom an fharraige	
	Tá sé go maith (olc)	
	Tá sé spéisiúil/leadránach 7rl	
	Tá sé ceart go leor	
	Cuirim suas leis	
	Níl aon mhaith ann	
	Is geal léi a saothar féin	B
	Cuireann sé déistean orm	
	Tá ard-mheas agam air	
	Ní/is dóigh liom go bhfuil sé go maith	C
	Ceapaim gur fiú é	
	Is é mo thuairim go bhfuil deireadh leis	C
	Taim den tuairim nach mairfidh sé	

4.13 A rá go n-aontaíonn/nach n-aontaíonn tú le rud

Samplaí	Tá/Níl sé sin fíor	]	A
	Níl aon dabht faoi		
	Ceart go leor		
	Aontaím leat (go hiomlán)/ní aontaím	]	B
	(Is) fíor duit		
	Táim ina fhábhar/ina choinne		
	Ní hea in aon chor		
	Ní dóigh liom gur mar sin atá	]	C
	Tagaim leat sa mhéid sin		
	Sin é/ní hé sin é ach oiread		
	A mhalairt atá fíor		
	Ní hamhlaidh atá		
	Gan amhras		
An fhírinne ghlan ansin agat			

4.14 Tuairim a thabhairt/a lorg

Samplaí	Sílim/ceapaim go bhfuil sé ceart go leor	]	A
	Beidh tú ann, is dócha		
	An bhfuil tú cinnte de sin?		
	Sin mar atá sé, go bhfios dom		
	Is dócha gur chuala tú é		
	Táim cinnte go mbeidh sí ann	]	B
	Níl aon dabht   ach   gur mar sin atá		
	ná		
	Sin mar atá sé go bhfios dom		
	Go bhfios dom(sa), níl aon athrú air		
	Ní dóigh liom go bhfuil sé ceart		
	Cad é do thuairim?		



An dóigh leat go bhfuil sé ceart go leor?  
Feictear domsa nach fiú a bheith ag féachaint  
air  
Go bhfios duit(se) an ndearna sé é?  
An gceapann (síleann) tú go bhfuil sé ceart  
go leor?  
An bhfuil tú den tuairim gur fiú é?

C

4.15 Rogha a chur in iúl/iarraidh ar dhuine rogha a dhéanamh

Samplaí

Is fearr liom an ceann sin  
Cé acu is fearr leat tae nó caifé?

Tá an ceann seo níos fearr ná an ceann eile  
B'fhearr liom fanacht liom féin  
Cé acu ab fhearr leat dul amach nó fanacht istigh

Arbh fhearr leat é a chríochnú anois?

A  
B  
C

4.16 A rá go bhfuil/nach bhfuil rud ag teastáil

Samplaí

Tá peann nua | ag teastáil uaim |  
| de dhith orm |

Táim ag lorg píosa adhmaid  
Ba mhaith liom é a thógáil anois

Tá post nua á lorg agam  
Táim ag iarraidh ceann eile a fháil  
Is mian liom é a thógáil anois

A  
B

- 4.17 Comhairle a lorg/a thabhairt
- | Céard | ba chóir dom a dhéanamh?  
 | Cad |  
 Cad é an rud is fearr le déanamh anois?  
 Ar | cheart | dom éirí as?  
 | chóir |
- Ba | chóir | duit  
 | cheart |
- B'fhearr duit fanacht sa bhaile
- Bíodh ciall agat agus coinnigh amach uaidh  
 Arbh fhearr dom é a fhágáil?  
 | Céard | a mholfása dom a dhéanamh?  
 | Cad |
- Mholfainn féin duit é a chríochnú
- B
- C

- 4.18 A chur in iúl go bhfuil/nach bhfuil tú sásta le rud éigin

Nílim/Táim (lán) sásta leis  
 Tá/Níl sé sin sásúil  
 Tá sé sin | go maith |  
 | go breá |  
 | ar fheabhas |

An bhfuil tú sásta leis?

A

Nár laga Dia | thú |  
 | do lámh |

Tá sé sin náireach

B

- 4.19 Buairt a chur in iúl
- Samplaí Tá eagla orm  
 Táim inmíoch/buartha faoin gceann sin
- A

Cuireann sé sin inní orm	}	B
Chuir sé sin as dom		
Tá an baol ann nach mairfidh sé	}	C
Is baolach nach dtiocfaidh biseach air		

4.20 Mothúcháin eile a chur in iúl

Samplaí	Cuireann sé sin   ionadh   orm	}	A
	iontas		
	Tá áthas orm é sin a chloisteáil		
	Cuireann sé ionadh orm go bhfuil sí tagtha	}	B
	Is breá liom é sin a chloisteáil		
	Is mór an t-ionadh é nach bhfuil sí ann		
	Is ionadh liom é sin	}	C
	Cuireann sé alltacht orm		

4.21 Rud a iarraidh/a thairiscint/a dhiúltú

Samplaí	An mbeidh milseán agat?	}	A
	Déanfaidh mé duit é, más maith (mian) leat		
	An dtógfaidh tú ceann?		
	An féidir liom cabhrú leat?		
	Ní dhéanfaidh mé é		
	Ní bheidh aon bhaint agam leis		
	An bhfuil peann le spáráil agat?		
	An dtabharfaidh tú dom é?	}	B
	Ní féidir liom aon rud a dhéanamh duit		
	Nílim chun é a dhéanamh		
	An dtabharfá iasacht (rothair) dom más é do thoil é?		
	An bhféadfá ceann a thabhairt dom?		

4.22 Fáil amach/a rá go bhfuil tú in ann/nach bhfuil tú in ann rud a dhéanamh

Samplaí	Is féidir liom/Ní féidir liom	]	A
	Theip orm é a dhéanamh		
	Táim ábalta/in ann é a dhéanamh		
	An féidir é a dhéanamh?	]	B
	Tá/Níl sé ar mo chumas		
	Tá snámh aige		
	Chuaigh sé tharam	]	C

4.23 Cead a lorg

Samplaí	An bhfuil cead agam dul ann?	]	A
	An bhfuil sé ceart go leor má thógaim é?		
	An ligfidh tú dom triail a bhaint as?		
	An dtabharfaidh tú cead dom é a dhéanamh		

4.24 Leithscéal a ghabháil/ a ghlacadh

Samplaí	Gabh mo leithscéal	]	A
	Tá brón orm		
	Tá cathú orm faoi sin		
	Tá sé ceart go leor		
	Maith dom é	]	B
	Ná bac leis		
	Deán dearmad de		
	Maithim duit é		
Tá aiféala orm	]		

4.25 Cabhair a lorg/a thabhairt

Samplaí	An bhféadfá   cabhrú   liom?   cuidiú	}	B
	Táim i bponc		
	An gcabhróidh tú liom?		
	Déanfaidh mise é, más maith leat		
	An bhféadfainn cabhrú leat?	}	C
	An ndéanfaidh tú rud orm?		
	Ba mhór agam dá ndéanfá dom é		
	Bheinn go mór faoi chomaoin agat dá dtabharfá dom é		

4.26 Orduithe a thabhairt

Samplaí	Oscail do mhála	}	A
	Ná bí ag féachaint amach		
	Ná habair tada		
	Ná caitear tobac		

4.27 A rá go bhfuil súil agat

Samplaí	Tá súil agam nach dtiocfaidh aon rud as	B
---------	---	---

4.28 Iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú

Samplaí	Gabh mo leithscéal!	}	A
	Céard a dúirt tú?		
	Níor chuala mé tú		
	Abair arís é, led' thoil		
	Ní thuigim (é sin)		

An ndúradh go raibh sé ann?	}	
Tá sí ar a bealach. An é sin a dúirt tú?		B
An é sin atá i gceist agat?		
An amhlaidh atá amhras ort faoi?		C

4.29 Míniú a lorg/a thabhairt

Samplaí	Cén fath?	}	
	Tuige?		
	Cad ina thaobh?		A
	Conas a   tharla sé?		
	Cén chaoi ar		
	Cén dóigh ar		

	Cá bhfágann sé sin muid?	}	
	Céard atá i gceist agat?		
	An míneoidh tú dom é?		
	Cad a chiallaíonn sé seo?		B
	Cén chiall atá ag an bhfocal sin?		
	Toisc go bhfuil sé briste		
	Mar tá píosa beag ar iarraidh		

	Cad   atá le tuiscint uaidh sin	}	
	Céard		
	Caidé		
	Ar mhiste leat é seo a shoiléiriú?		
	Ar mhiste leat é sin a mhíniú?		C

## 5 NÓISIN

Seo thíos na réimsí brí a mbeidh gá ag na daltaí leo chun déileáil leis na gníomhaíochtaí agus na toipicí atá luaite sa siollabas seo.

### 5.1 **Bonnchúrsa**

Ba chóir go mbeadh na daltaí ábalta na réimsí brí anseo thíos a thuiscint agus a chur in iúl de réir mar a oireann said do na gníomhaíochtaí, toipicí, 7 rl. atá luaite.

1. Go bhfuil/nach bhfuil rud ann
2. Gur féidir/nach féidir rud a dhéanamh
3. Gur tharla/nár tharla rud éigin – na bunaimsirí acu
4. Cá bhfuil rud
5. Go bhfuil gluaiseacht i gceist
6. Cén méid no toirt atá ag rud
7. An t-am, laethanta na seachtaine, míonna agus dátaí  
- Minicíocht – cé chomh minic is a tharlaíonn rudaí Uimhearthacht –  
bunuihmreacha, uimhreacha pearsanta agus orduimhreacha
8. Cruth – díreach cothrom 7rl.
9. Méachan
10. Teocht – te fuar 7rl.
11. Taise – fliuch/tirim
12. Dath
13. Aois
14. Luach – saor/daor 7rl.
15. Tréithe – aidiachtaí

### 5.2 **Gnáthchúrsa**

Ba choir go dtuigfeadh na daltaí na réimsí teanga anseo thíos agus go mbeidís ábalta an réimse brí seo a chur in iúl ar bhealach atá intuigthe don ghnáth-Ghaeilgeoir.

### 5.3 **Ardchúrsa**

Ba chóir go mba seo an t-íosmhéid den teanga a bheadh acu idir ghabhchumas agus ghinchumas.

#### 5.3.1 Rud a bheith i láthair/as láthair

- Tá sé ann (anseo, ansin, ansiúd, i láthair, as láthair, as baile, ar shiúl)
- Tá sé imithe | glanta (as an áit)  
| bailithe (as an áit)
- Tá/Níl sé ar fáil
- Tá/Níl fáil air
- Tá/Níl sé le fáil
- Níl tásca ná tuairisc air
- Níl teacht air faoi láthair

#### 5.3.2 Féidearthacht

- ábalta (Níl sí ábalta é a dhéanamh)
- in ann (Níl sí in ann teacht)
- féidir (Is féidir liom)
- indéanta (Tá/Níl sé indéanta)
- dodhéanta (Tá/Níl sé dodhéanta)
- cumas (Tá sé thar a cumas)
- seans (Níl seans dá laghad aici)

#### 5.3.3 Tarlú

- tarlaigh (Tharla a leithéid go minic dom)



- tit amach (B'shin mar a thit sé amach)
- tarlú (Ní bhíonn tarlú mar sin ann ach go hannamh)

#### 5.3.4 Suíomh

- áit, ionad, suíomh
- bun, barr
- lár, ceartlár, croí
- taobh, tosach, cúl, aghaidh
- tuaisceart, deisceart, iarthar, oirthear
- an t-íochtar, an t-uachtar
  
- deas, clé, uachtarach, íochtarach, cóngarach
  
- ann, anseo, ansin, ansiúd
- amuigh, istigh, lasmuigh, laistigh
- thuas, thíos, lastuas, laistíos
- thall, abhus
- thuaidh, thoir, thiar, theas
- i lár baill, sa lár, ar an imeall
- in airde
  
- ar (ar bord, ar aghaidh, ar chúl, ar bharr, ar mhullach, ar thaobh)
- faoi (faoin staighre, faoin tuath)
- i (i lár, i gcian, i gcóngar, i ngar, ina suí)
- idir (idir Sligeach agus Gaillimh)
- le (le taobh, le hais)
- ag (ag an bhfuinneog)
- os (os cionn, os comhair)
- ó (mile ón gcathair)

### 5.3.5 Gluaiseacht

- luas, moille, gluaiseacht, treo, ceann scribe, fad, achar
- mall, tapaidh
- isteach, amach
- suas, anuas, síos, aníos, anonn, anall, abhus
- siar, aniar, soir, anoir
- ó thuaidh, aduaidh, ó dheas, aneas
- faoi dheis, faoi chlé, ón taobh
- i leith
  
- go, do, ar, faoi, de, chuig, trí, as, thar
  
- tar, téigh, siúil, tiomáin, rith, fan, seas, suigh, imigh, gabh, druid, stad, glan, gread, sroich, bog, cas, trasnaigh
  
- téigh | i bhfoisceacht |  
| i ngiorracht |

### 5.3.6 Méid

- méid, fad, leithead, tomhas
- galún, líotar
- méadar, orlach, troigh, slat, acra, míle
  
- mór, beag/mion
- leathan, caol, tanaí, ramhar
- fada, gearr
- ard, íseal
- domhain, éadomhain
  
- méadaigh, laghdaigh, suimigh, dealaigh, tomhas, giorraigh
- bain ..... de, cuir .....le

- téigh i méid (i laghad)

### 5.3.7 Am

- an Féilire (míonna agus laethanta na seachtaine)
- an lá (maidin, nóin, iarnóin, tráthnóna, oíche, mean oíche)
- an clog agus an t-am
  
- anois, anocht, 7rl.
- ansin, uair éigin, tamall ó shin, taobh istigh de sheachtain, tar éis tamaill, ar ball (beag), ar tí, dhá bhliain is an lá inniu
  
- méid ama
- tréimhse, deireadh seachtaine
- i gcaitheamh na hoíche, idir an dá linn ar feadh seachtaine, go ceann i bhfad ó inniú go dtí amárach le seachtain (anuas)

### 5.3.8 Minicíocht

- gach lá (bliain, seachtain 7rl.)
- go rialta (neamhrialta), go hannamh, go minic
- go leanúnach, go hannamh, de shíor, gan staonadh gan stop, an t-am ar fad (go léir)
- anois is arís
- riamh ná choíche
- uair sa ló
- go laethúil, go seachtainiúil, go míosúil, go bliantúil
- de gnáth

### 5.3.9 Buaine agus athrú

- (buan) seasmhacht
- seasmhach, daingean, docht
- athrú, (athraigh, athraitheach)

- malartú (malartaigh, malartach)
- téigh in aois
- éirigh níos fearr

#### 5.3.10 Uimhearthacht

- bunuimhreacha
- uimhreacha pearsanta
- orduimhreacha
- uimhir + ainmfhocal (+ aidiacht) (dhá bhád, seacht gcapall)
- codáin
- ar dtús, sa chéad áit, ina dhiaidh sin, chomh maith le sin, ina theannta sin, níos mó, níos lú, roinnt (mhaith), beagán, cuid (mhór), go leor, a dhóthain

#### 5.3.11 Cruth

- cuma/cruth/déanamh
- cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog
- cam, díreach, lúbtha, cothrom (cothromaigh)

#### 5.3.12 Meáchan

- gram, cíleagram, punt, cloch, tonna
- trom, éadrom
- meáigh, cuir suas (caill) meáchan

#### 5.3.13 Teocht

- teocht, fuacht, teas, céim (teochta, seaca)
- te, fuar, fionnuar, bog, aoibhinn

#### 5.3.14 Taise

- tirim, tais, fliuch

#### 5.3.15 Dath

- dubh, bán, ᵹ rl..
- dathaigh, cuir dath air

#### 5.3.16 Aois

- sean, óg, aosta, ársa, úr, nua
- seanaimseartha, nua-aimseartha
- téigh in aois (in óige)

#### 5.3.17 Luach

- saor, daor, luachmhar, gan mhaitheas, fiúntach, costasach, neamhfhiúntach, ina mhargadh
- airgead, malartú
- téigh ó mhaith
- ní fiú faic (tráithnín) é
- íoc as, díol (as), ceannaigh

#### 5.3.18 Ábhar

- miotal, adhmaid, éadach, plaisteach, gloine, coincreit, iarann, copar, stán, ór, airgead, cloch, cré, cré-umha, láib, cadás, olann, níolón

#### 5.3.19 Tréithe

- maith, olc, measartha, droch-, an-mhaith, sármhaith, uafásach, déistineach
- bog, crua, lofa, den scoth, sásúil, míshásúil
- níos fearr, níos measa
- ceart (go leor), oiriúnach, cruinn

#### 5.3.20 Gaolta

- Gaol loighiciúil
  - cúis, fáth, aidhm, toradh
  - toisc, mar, ós rud é, chun, ionas, do
  - chun, i gcomhair, mar gheall ar, de bharr, de dheasca, de thoradh, d'fhonn
  - agus, chomh maith, freisin, ach amháin
  - dá bhrí sin, mar sin, ar an ábhar sin

- ag éirí as sin, fágann sé sin

- Gaol ama
  - na haimsirí
  - cheana, roimhe sin, fós, roimh re, ina dhiaidh sin, in ann, luath, déanach, níos luaithe, níos déanaí
  - (díreach) anois, ansin, láithreach, faoi dheireadh, ag an am céanna, le chéile
  
- Aimsir chaite
  - Inné, arú inné, an tseachtain seo caite, anuraidh, le tamall anuas, le déanaí, le gairid, ar na mallaibh, anois beag, anois díreach, ar maidin, aréir, sa tseanaois, san am a chuaigh thart, san am atá caite, ré na págántachta
  
- Aimsir ghnáthláithreach
  - Go minic, ó am go céile, anois is arís, go míosúil, go bliantúil
  
- Aimsir fháistineach
  - anocht, amarach, an mhí seo chugainn, i gceann tamaill, sar i bhfad.

### 5.3.21 Gnéithe eile

- úsáideach, áisiúil, gan mhaith, diomhaoin, furasta, deacair, go héasca, tábhachtach, coitianta, gnách, aisteach, corr, sabháilte, baolach, contúirteach, dainséarach.

## 6. TOIPICÍ

### 6.1 An dalta féin

- ainm, áit chónaithe
- an teaghlach
- aois

### 6.2 An scoil agus ábhair staidéir

- cineálacha scoileanna
- múinteoirí agus ábhair staidéir
- an fearas a úsáideann said ar scoil
- amchláir

### 6.3 Caitheamh aimsire

- cúrsaí spóirt
- ceol agus damhsa
- léitheoireacht
- amharclann agus scannáin
- an telefís agus raidio
- féilte nó fleánna áitiúla

### 6.4 An teach

- na seomraí
- troscán
- an chistin agus uirlisí cistine
- an gairdín agus obair an ghairdín

### 6.5 Bia agus deoch

- béilí sa bhaile
- cócaireacht
- saghsanna glasraí, torthaí agus feola

6.6 Laethanta saoire

- an fharraige agus caitheamh aimsire cois farraige
- campáil
- cúrsaí taistil
- óstáin agus árasáin
- an Ghaeltacht

6.7 Eagrais atá sa cheantar

- clubanna agus gníomhaíochtaí

6.8 Seirbhísí eile sa cheantar

- na gardaí
- an dochtúir
- an fiaclóir
- an briogáid dóiteáin
- an eaglais
- ospidéal

6.9 Siopaí agus siopadóireacht

- saghsanna síopaí
- crua-earraí
- bia srl.

6.10 Postanna agus slite beatha

- cineálacha oibre
- tuarastal
- oiliúint
- coinníollacha oibre agus stailceanna



6.11 An tuath agus cúrsaí feirmeoireachta

- ainmhithe
- barraí
- obair na feirme ins na séasúir éagsúla

6.12 Tionsclaíocht eile sa cheantar

- iascaireacht
- feirmeoireacht éisc
- déantúsaíocht

6.13 Cúrsaí airgid agus coigiltis

- airgead póca
- cuntas sa bhanc/in oifig an phoist/i gcumann
- foirgníochta

6.14 Eadaí agus faisean

6.15 An corp, sláinte agus tinneas

- baill an choirp
- tinneas, slaghdán, galair agus máchail
- tobac, drugaí, agus ólachán

6.16 Timpistí agus dainséar

- sa teach
- le linn cluichí
- ar an mbóthar
- ar an bhfarraige agus san aer
- cúram

### 6.17 Cúrsaí reatha áitiúla

- nuachtáin áitiúla
- irisí do dhéagoirí

### 6.18 An aimsir agus cúrsaí aimsire

### 6.19 Ábhair eile ina gcuireann siad féin suim faoi leith

### 6.20 Ábhair staidéir breise don ardchúrsa m.sh.:

#### 6.20.1 Caitheamh aimsire in Eirinn

- Alt a scríobh ar eachtra éigin a bheadh oiriúnach do nuachtán áitiúil (cluiche, fleá srl).
- Cur síos ginearálta a dhéanamh ar an gcóras sóisialta
- Cuntas pearsanta ar ghné éigin de cheol na hEireann
- Ceol atá acu féin; uirlísí ceoil; foinn srl.
- An staid ina bhfuil ceol/amhránaíocht faoi láthair
- Amhráin thraidisiúnta a bhaineann leis an gceantar
- Cumainn/eagrais Ghaelacha áitiúla
- Imeachtaí Gaelacha sa cheantar

#### 6.20.2 An saol sóisialta sa tseanaimsir

Nósanna na ndaoine sa tseanaimsir – m.sh. torraimh, bainiseacha, bothántaíocht, nósanna a bhain le féiltí srl.

#### 6.20.3 Saol eacnamaíochta sa tseanaimsir

- Modhanna oibre
- Slite beatha srl.

#### 6.20.4 Saol eacnamaíochta san am i láthair

- feirmeoireacht (éisc)
- iascaireacht
- déantúsaíocht (tradisiúnta/nua-aimseartha)
- comhlachtaí, comharchumainn
- ceirdeanna
- an talamh agus úsáid na talún
- an aimsir agus a tionchar ar úsáid na talún

#### 6.20.5 Stair shoisialta na tíre ó aimsir an Ghorta le haird faoi leith ar na pointí seo

- tiarnaí talún agus tionóntaí
- tithíocht
- ceardchumainn
- imirce
- athruithe na seascaidí agus na seachtóidí

## 7. CUSPÓIRÍ MEASÚNAITHE

### 7.1 An trial chluastuisceana

Seo thíos samplaí den ábhar a scrúdófar

#### 7.1.1 Bonnleibhéil

- (a) Na mórpointí a thuiscint ó fhíosaí bolscaireachta nó ó iarratais agus iad á léamh go soiléir – ag duine le Gaeilge ó dhúchas – ag gnáthluas léitheoireachta
- (b) Na mórpointí a thuiscint ó fhógraí áitiúla; ó scéalta nuachta áitiúla; ó réamhaisnéis na haimsire agus ó chlár spóirt
- (c) Éisteacht le comhrá agus
  - (i) An t-atmasféar agus mothucháin na gcainteoirí a aithint
  - (ii) Suíomh an chomhrá a aithint – cá bhfuil na cainteoirí má tá sin

tábhachtach)

(iii) An t-ábhar cainte a aithint

(iv) Dearcadh na gcainteoirí i leith an ábhair a aithint

### 7.1.2 Gnáthleibhéal

(a) Tuiscint níos iomláine acu i dtaobh na n-ábhar atá luaite thuas

(b) Príomhghnéithe de scéalta nuachta a thuiscint – creatlach an scéil a bheith acu, m.sh. eachtra – an chúis agus an toradh – na príomhcharachtair a aithint

(c) Eolas ginearálta a phiocadh suas i dtaobh réamhaisnéis na haimsire – an séasúr atá i gceist, an sórt aimsire atá ann agus cad atá le teacht

(d) Eisteacht le comhrá agus

(i) Ábhar an chomhrá a thuiscint

(ii) Dearcadh na gcainteoirí a aithint

(iii) Príomhphointí atá á ndéanamh ag na cainteoirí a aithint

### 7.1.3 Ardleibhéal

(a) Tuiscint iomlán acu orthu seo:

(i) Teachtaireachtaí gearra m.sh, fógraí áitiúla

(ii) Scéalta nuachta atá taobh istigh de ghnáthréimse suime an aoisghrúpa

(iii) Cuntais ar chláir spóirt nó caitheamh aimsire eile

(b) Iad a bheith in ann comhrá a bhaineann le haon ghnéithe dá réimse taithí féin a thuiscint agus comhthuiscint a bheith acu leis na cainteoirí

## 7.2 **Léamh agus scríobh**

### 7.2.1 Bonnleibhéal

(a) Go dtuigfidís na fógraí agus píosaí bolscaireachta atá ar fáil ina dtimpeallacht – timpeallacht na scoile, sa chathair/baile mór, faoin tuath, ar an nuachtán

- (b) Go mbeidís ábalta na mórphointí a thuiscint ó phíosáí próis a bhaineann lena ngarthimpeallacht (cf. na toipicí thuas)
- (c) Go mbeidís ábalta cur síos gear a scríobh ar ghnéithe dá ngarthimpeallacht i suíomh struchtúrtha, m.sh. cur síos ar phictiúr, nó eolas a phiocadh ó alt leanúnach
- (d) Teachtaireachtaí gearra a scríobh, m.sh. leithscéal a scríobh, nóta gearr a scríobh, cárta poist a scríobh

### 7.2.2 Gnáthleibhéal

Gach a bhfuil thuas móide:

- (a) Go dtuigfidís sleachtas leanúnacha próis a bheadh ar chaighdeán oiriúnach deacrachta agus réimse cuí foclóra iontu (cf. gníomhaíochtaí, nóisin, funcsin, toipicí)
- (b) Go mbeidís ábalta cur síos gearr a scríobh ar ghnéithe dá ngarthimpeallacht i suíomhanna nach bhfuil chomh struchtúrtha céanna leis na cinn don bhonnchúrsa. Beifear ag súil le réimse níos leithne den teanga.
- (c) Go mbeidís ábalta teachtairachtaí agus nótaí agus litir a scríobh. Bheadh sé i gceist go mbeadh a smaointe agus a dtuairimí féin á nochtadh acu.

### 7.2.3 Ardleibhéal

- (a) Go mbeidís ábalta píosáí próis le stíl iriseoireachta nó scéalaíochta a léamh agus a thuiscint. Leagfar béim ar scéalta reatha a bhfuil stíl ghonta shoiléir iontu.
- (b) Go mbeidís ábalta próis liteartha agus filíocht a bheadh oiriúnach dóibh a léamh agus a mheas agus a dtuairimí a nochtadh ina dtaobh.

- (c) Go mbeidís ábalta litreacha pearsanta a scríobh
- (d) Go mbeidís ábalta a smaointe a bhreacadh síos i bhfoirm aiste bunaithe ar a dtaithí ar an saol

### 7.3 **Teanga idirghníomhach**

#### 7.3.1 Bonnchúrsa

- (a) Go mbeidís ábalta ról tanaisteach a ghlacadh i gcomhrá gearr. Ní bheifear ag súil go mbeidh siad ábalta aon toipic a phlé go mion.
- (b) Go mbeidís ábalta comhráite gearra a dhéanamh i dtaobh réimse leathan toipicí
- (c) Go mbeidís ábalta na gníomhaíochtaí thuas a dhéanamh i gcomhthéacs soiléir

#### 7.3.2 Gnáthchúrsa

- (a) Go mbeidís ábalta straitéisí cumarsáide oiriúnacha a aithint agus a úsáid
- (b) Go mbeidís ábalta rólanna éagsúla a ghlacadh sa chomhrá
- (c) Go mbeidís ábalta aon toipic ar leith a phlé níos doimhne ná mar a bheadh lucht an bhonnchúrsa

#### 7.3.3 Ardchúrsa

- (a) Go mbeidís ábalta a gcuid smaointe i dtaobh na dtoipicí thuas a chur in iúl go réidh le rithim nádúrtha cainte agus le foghraíocht chruinn